



Ráiteas Polasaí um CÓIBHID-19

Tá Gaelscoil Raifteirí tiomanta do láthair oibre shábháilte shláintiúil a chur ar fáil dár bhfoireann agus timpeallacht sláinte foghlama a sholáthar dár ndaltaí uile. D'fhonn sin a chinntiú, tá an Plean Freagartha CÓIBHID-19 seo forbartha againn. Tá an Bord Bainistíochta agus foireann uile na scoile freagrach as feidhmiú an phlean seo agus cabhróidh a gcomhiarracht le scaipeadh an víris a mhoilliú. An plean:

- déanfar faireachán leanúnach ar an bhfreagairt CÓIBHID-19 agus leasófar an plean seo i gcomhairle le lucht foirne
- cuirfear faisnéis suas chun dáta ar fáil don fhoireann agus do na daltaí faoin gcomhairle Sláinte Phoiblí a eiseoidh an FSS agus an Rialtas (Gov.ie)
- cuirfear comharthaí agus siomptóim CÓIBHID-19 agus na modhanna cearta le lámha a ní ar taispeáint
- ionadaí obrithe a cheapadh ón bhfoireann a bheidh inaitheanta go héasca leis an ról atá imlínithe sa phlean seo maidir le soláthar samhraidh a chomhlíonadh
- cuirfear béasaíocht riachtanach sláinteachais agus riospráide, agus an bhéasaíocht maidir le scaradh fisiciúil in iúl don fhoireann agus do na daltaí uile
- déanfar an scoil a oiriúnú don scaradh fisiciúil de réir mar is cuí faoi threoir agus faoi stiúir na Roinne Oideachais agus Scileanna
- coinneofar loga teagmhálacha le rianú teagmhálacha a éascú
- cinnteofar go mbeidh an fhoireann agus na daltaí páirteach sna seisiúin ionductaithe/cleachtaithe a chuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil
- cuirfear na nósanna imeachtaí comhaontaithe atá le leanúint i gcás go léiríonn duine éigin siomptóim CÓIBHID-19 agus iad ar scoil i bhfeidhm
- cuirfear treoracha ar fáil do lucht foirne agus do dhaltaí a bheidh le comhlíonadh acu má fhorbraíonn siad comharthaí agus siomptóim CÓIBHID-19 le linn am scoile
- cuirfear glantachán i bhfeidhm de réir chomhairle na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- comhlánaigh an ceistneoir FAO um fhilleadh ar an obair i ndiaidh briseadh lár téarma, Nollaig agus an Cháisc.
- comhlánaigh an Foirm Dearbhaithe um fhilleadh ar scoil tar éis bheith as láthair ar chúis ar bith.

Beifear i gcomhairle le gach ball foirne ar bhonn leanúnach agus spreagfar aiseolas faoi aon údar imní, saincheisteanna nó moltaí atá acu. Comhlíonfar é seo tríd Phríomhionadaithe na nOibríthe Cristín Uí Ghiobúin (PIO) agus Lára Uí Mháille (PIOT) agus tacófar leo i gcomhréir leis an gcomhaontú idir an Roinn agus Comhpháirtithe Oideachais.



PIO



PIOT

Síniú:

Dáta: 30.08.2021